Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna

(COM(2022) 47 final — 2022/0033 (NLE))

(2022/C 365/07)

Rapóirtéir: **Stoyan TCHOUKANOV**

Comhairliúchán	An Chomhairle, 16.3.2022
Bunús dlí	Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	1.6.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	15.6.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	570
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	207/0/5

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá leathsheoltóirí i gcroílár leasanna láidre geopholaitiúla óir cruthaíonn siad na dálaí faoina mbeidh ar chumas tíortha gníomhú (ar bhonn míleata, eacnamaíoch agus tionsclaíoch) agus aistrithe digiteacha agus éiceolaíocha a chothú. Is bunriachtanas iad le haghaidh uathriail straitéiseach agus tionsclaíoch.

1.2. Ar an ábhar sin, tá CESE ag teacht leis an gcuspóir straitéiseach faoina gcuirfear le neart an éiceachórais leathsheoltóirí san Eoraip agus tá sé den tuairim nár mhór don Eoraip infheistíocht a mhealladh chun na sliseanna is ardfhorbartha a dhearadh agus a tháirgeadh. Creideann sé, áfach, go bhféadfaí neart an éiceachórais a ráthú ar dhóigh níos fearr dá bhféadfaí dul i bhfeidhm ar thaighdeoirí, innealtóirí agus an fórsa saothair oilte chun go bhfanfaidís san Eoraip trí dhreasaschtaí airgeadais agus deiseanna gairme iomaíocha, agus eile, a thairiscint dóibh atá inchomparáide lena bhfuil á thairiscint san Áise nó sna Stáit Aontaithe.

1.3. I bhfianaise a phráinní atá sé gníomhú, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair agus níor réamh-mheasadh go ndéanfaí aon chomhairliúchán poiblí ar líne. Ba mhaith le CESE aird a tharraingt air nach bhfuil measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Tuigeann CESE go nglacfadh sé rófhada gnáthmheasunú tionchair a sholáthar de bharr a phráinní atá an scéal, ach tá CESE den tuairim go mba cheart don Choimisiún maitrís chliste le haghaidh ionsamhlú dinimiciúil a chur ar fáil ar a laghad, chun go bhféadfadh na comhreachtóirí agus an tsochaí shibhialta réamh-mheas a dhéanamh ar thionchar féideartha an togra.

1.4. Cuireann an easpa measúnú tionchair leis an imní atá ar CESE faoin mbuiséad arna leithdháileadh ar an gComhghnóthas um Shliseanna ón uair nach bhfuil ar chumas na sochaí sibhialta teacht ar thuairim dá cuid féin faoin réasúnaíocht nó faoin modheolaíocht a bhí in úsáid ag an gCoimisiún agus an buiséad á shainiú. Ní leor an Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an Ionstraim um Shliseanna.

1.5. Tá CESE den tuairim go bhfuil maoin intleachtúil ina príomhghné chun infheistíochtaí agus iarrachtaí taighde nuálaithe AE a chúiteamh, faoina sásófaí riachtanais cuir chun feidhme/úsáideoirí, agus go bhféadfadh sí a bheith ina spreagadh maidir le leathsheoltóirí nuálacha a fhorbairt agus éiceachóras daingean úrscothach Eorpach sliseanna a chruthú. Ar an ábhar sin, measann sé gur cheart, í a bheith luaite i bhforálacha an togra seachas sa mheabhrán míniúcháin amháin, meabhrán nach bhfuil aon éifeachtaí ceangailteacha leis.

1.6. Dírítear leis an gComhghnóthas um Shliseanna go háirithe ar laghdú a dhéanamh ar na rioscaí agus éiginnteachtaí don tionscal a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus sna nuatheicneolaíochtaí trí rioscaí a chomhroinnt agus intuarthacht infheistíochta a sholáthar. Nocht déantóir sliseanna amháin sna Stáit Aontaithe pleananna chun USD 88 mbilliún a infheistiú ar fud na hEorpa mar chuid de leathnú uaillmhianach atá dírithe ar éagothromaíochtaí sa slabhra soláthair domhanda leathsheoltóirí a laghdú agus is léiriú é ar an bhfreagairt dhearfach ó na hinfheisteoirí ar an nGníomh um Shliseanna atá beartaithe ag an Aontas.

2. **Réamhrá**

2.1. Tá an iliomad earnálacha a bhfuil moill soláthair ag cur isteach orthu le roinnt míonna anuas — gluaisteáin, ríomhairí, fóin chliste, feidhmchláir agus bonneagair sláinte, slándála, cumarsáide agus uathoibrithe tionsclaíoch. Is é is cúis leis sin ganntanas leathsheoltóirí, arb iad na comhpháirteanna bídeacha atá ina gcuid dár sásraí teicneolaíochta.

2.2. Tá leathsheoltóirí i gcroílár leasanna láidre geopholaitiúla óir cruthaíonn siad na dálaí faoina mbeidh ar chumas tíortha gníomhú (ar bhonn míleata, eacnamaíoch agus tionsclaíoch) agus aistrithe digiteacha agus éiceolaíocha a chothú. Dealraíonn sé go mbeidh neart fo-éifeachtaí ag cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine sa mheántéarma agus san fhadtéarma maidir le tionscal na leathsheoltóirí, rud is mórthosaíocht do cheannasacht dhigiteach an Aontais Eorpaigh. Cuirfear isteach ar an táirgeadh neoin, pallaidiam agus C4F6, trí ábhar atá barrtháibhachtach sa déantúsaíocht micrishliseanna agus nach bhfuil ionadaí ann dóibh.

2.3. Is é Stáit Aontaithe Mheiriceá atá chun tosaigh sa dearadh leathsheoltóirí agus, anuas air sin, ritheadh Acht i gComhdháil na Stát Aontaithe in Eanáir 2021 maidir le Dreasachtaí Cuiditheacha a Chruthú chun Leathsheoltóirí a chur á dtáirgeadh le haghaidh SAM (*Creating Helpful Incentives to Produce Semiconductors (CHIPS) for America Act*). San Áise, is sa Téaváin go háirithe atá an táirgeadh comhchruinnithe agus is ansin a tháirgtear thart ar 70 % den táirgeadh iomlán agus 90 % de na slisní is ardfhorbartha. Cé go bhfuil paindéim COVID-19 ina cúis leis an nganntanas atá ann faoi láthair, níor cheart tábhacht an iomaíochais eacnamaíoch idir Washington agus Béising a fhágáil as an áireamh. I gcomhthéacs an iomaíochais eacnamaíoch sin fágtar an Téaváin ar thús cadhnaíochta san iomaíocht theicneolaíoch idir an dá cheann feadhna.

2.4. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don rialachán atáthar á bheartú éiceachóras sliseanna úrscothach Eorpach a chruthú, táirgeadh san áireamh. Is leasú é ar na tograí atá ann faoi láthair sa mhéid go dtógfaí ar láidreachtaí na hEorpa agus go dtabharfaí aghaidh ar na mórlaigí, chun éiceachóras leathsheoltóirí rathúil agus slabhra soláthair athléimneach a fhorbairt, agus bearta a leagan síos freisin chun ullmhú le haghaidh bristeacha sa slabhra soláthair amach anseo, teacht rompu agus freagairt orthu.

2.5. Tá an togra le haghaidh *Rialachán ón gComhairle ag leasú Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach* ("an togra"), ina chomhlánú ar an togra maidir leis an nGníomh um Shliseanna. Ar na spriocanna atá ag an nGníomh um Shliseanna atáthar á moladh tá, Tionscnamh Sliseanna don Eoraip a bhunú a thabharfadh tacaíocht don tógáil acmhainne ar mhórscála Déanfar na gníomhaíochtaí faoin tionscnamh a chur chun feidhme go príomha tríd an gComhghnóthas um Shliseanna, i.e. an Comhghnóthas reatha maidir le hEochairtheicneolaíochtaí Digiteacha arna leasú agus arna athainmniú.

2.6. Tacóidh buiséad AE leis an Tionscnamh Sliseanna don Eoraip agus suas le EUR 3,3 billiún ann ar an iomlán, lena n-áirítear EUR 1,65 billiún trí bhíthin an chláir Fís Eorpach agus EUR 1,65 billiún trí bhíthin an chláir don Eoraip Dhigiteach. As an méid iomlán sin, déanfar EUR 2,875 billiún a chur chun feidhme tríd an gComhghnóthas um Shliseanna.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. *An caipiteal daonna*

3.1.1. Tá CESE á thabhairt dá aire nach é an cuspóir atá ann a bheith go hiomlán neamhthuilleamaíoch, ós cuspóir é sin nach bhféadfaí a bhaint amach óir tá neart idirspleáchais sna slabhraí soláthair le tríú tíortha. Is é an aidhm atá ann dlús a chur leis an bpróiseas maidir le huathriail straitéiseach agus ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach agus an creat iomaíochais domhanda a athchóiriú tríd an gcomhbheartas tionsclaíoch san Aontas Eorpach a dhaingniú.

3.1.1. Tá CESE ag teacht leis an gcuspóir straitéiseach faoina gcuirfear le neart an éiceachórais leathsheoltóirí san Eoraip agus tá sé den tuairim nár mhór don Eoraip infheistíocht a mhealladh chun na sliseanna is ardfhorbartha a dhearadh agus a tháirgeadh. Creideann sé, áfach, go bhféadfaí neart an éiceachórais a ráthú ar dhóigh níos fearr dá bhféadfaí dul i bhfeidhm ar thaighdeoirí, innealtóirí agus an fórsa saothair oilte chun go bhfanfaidís san Eoraip trí dhreasaschtaí airgeadais agus deiseanna gairme iomaíocha, agus eile, a thairiscint dóibh atá inchomparáide lena bhfuil á thairiscint san Áise nó sna Stáit Aontaithe.

3.1.2. Ar na spriocanna atá le pacáiste an Ghnímh um Shliseanna tá, tacaíocht a thabhairt don tógáil acmhainne ar mhórscála trí infheistíocht sa taighde trasteorann chun go bhféadfar teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus teicneolaíochtaí leathsheoltóirí don chéad ghlúin eile a fhorbairt lena n-áirítear béim ar ghnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí atá i mbun fáis.

3.1.3. Dírítear sa togra ar thacaíocht a thabhairt d'infheistíocht i mbonneagair trasteorann taighde, forbartha agus nuálaíochta a mbeidh rochtain oscailte orthu a bhunú san Aontas Eorpach. Tá CESE á thabhairt dá aire freisin nár mhór, chun na spriocanna sin a bhaint amach, go bhféadfadh an tAontas brath ar an gcaipiteal daonna agus ar thaighdeoirí, ós iadsan amháin a d'fhéadfadh acmhainn nuálach an Aontais Eorpaigh a fhorbairt. Fiafraíonn CESE an bhfuil gníomhaíochtaí nithiúla á ndéanamh chun a áirithiú nach mbeidh ár gcuid taighdeoirí ag iarraidh dul ar imirce ón Aontas Eorpach agus chun a áirithiú go mbeidh ról gníomhach acu sa líonra réamh-mheasta lárionad inniúlachta ar fud na hEorpa?

3.1.4. Bíonn taighdeoirí agus innealtóirí óga i gcoitinne den tuairim gur fearr an luach saothair agus dul chun cinn gairme i dtíortha nach tíortha AE iad. I ndáil leis sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún an bhfuil aon staitisticí aige ina leith sin a fhágfadh go bhféadfaí na treochtaí a mheasúnú i dtéarmaí imirce daoine oilte i dtreo lárionaid taighde agus inniúlachta eile. D'fhéadfaí acmhainní breise a mhealladh chuig an tionscadal le clár a chuirfeadh dlús leis an bpróiseas faoina dtugtar aitheantas do speisialtóirí ón iasacht. Ní fiú tada cuspóirí an togra, go praiticiúil, gan taighdeoirí, innealtóirí agus fórsa saothair atá sásta oibriú san Aontas Eorpach agus fanacht ann.

3.2. *Measúnú tionchair*

3.2.1. I bhfianaise a phráinní atá sé gníomhú, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair agus níor réamh-mheasadh go ndéanfaí aon chomhairliúchán poiblí ar líne.

3.2.2. Ceist phráinneach atá ann, gan amhras. Ó dheireadh 2020 i leith, b'fhacthas do mhonaróirí go raibh ganntanas comhpháirteanna ann, leathsheoltóirí go háirithe. Tá an ganntanas sin ann mar thoradh ar shraith tosca carnacha:

— Dianghlasálacha de bharr ghéarchéim sláinte COVID-19 lenar cuireadh an táirgeadh ar coimeád agus moill dá réir ar chúrsaí soláthair,

— Dálaí aeráide: chuir triomaigh dhiana sa Téaváin isteach go mór ar mhonarú leathsheoltóirí, ar próiseas é a éilíonn neart uisce,

— Éileamh breise ar threalamh leictreonach (ríomhairí, etc.),

— An méadú ar fheithiclí leictreacha,

— An méadú spéise i mianadóireacht criptea-airgeadraí a éilíonn próiseálaithe grafaice atá comhdhéanta de leathsheoltóirí,

— Úsáid a bheith á baint as 5G a éilíonn leathsheoltóirí sna comhpháirteanna forimeallacha,

— Uathoibriú gléasra, mar chuid de thionscadail tionsclaíochta 4,0, ina mbaintear leas as leathsheoltóirí.

3.2.3. Tá CESE den tuairim nach í an phráinn an t-aon saincheist atá ann, ach gurb é an fhadhb gurb iad TSMC agus Samsung Electronics a mhonaraíonn 70 % de na leathsheoltóirí. Nuair a bhíonn an t-éileamh an-ard, ní mór dóibh tús áite a thabhairt do chustaiméirí áirithe agus tógann sé dhá bhliain nó trí chun gléasra táirgthe nua a thógáil ([1]),

3.2.4. Ba mhaith le CESE aird a tharraingt air nach bhfuil measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. In Aibreán 2021, sheol an Coimisiún Eorpach an Clár Oibre Rialála Cliste, d'fhonn "oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh" ([2]). Tionscnaítear an beartas "ceann amháin isteach, ceann amháin amach", cur chuige a bheidh ina príomh-ais de bheartas AE ó 2022 ar aghaidh.

3.2.5. Tuigeann CESE go nglacfadh sé rófhada measúnú tionchair teicniúil ar fhad caighdeánach a sholáthar toisc a phráinní atá cúrsaí, agus nach mbeadh aon mhaith leis ar bhonn praiticiúil, ach tá sé den tuairim gur cheart don Choimisiún maitrís chliste a chur ar fáil ar a laghad don samhaltú dinimiciúil chun cabhrú leis na comhreachtóirí agus an tsochaí shibhialta tionchar féideartha an togra a réamh-mheas.

3.2.6. De bhrí go bhfuil measúnú tionchair in easnamh is deacair do CESE teacht ar a thuairim féin maidir leis an réasúnaíocht agus modheolaíocht a bhí in úsáid ag an gCoimisiún agus an buiséad le haghaidh an Chomhghnóthais um Shliseanna á shainiú. Ní leor ach oiread an Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an nGníomh um Shliseanna. Ní mór a fhios a bheith ag an tsochaí shibhialta go beacht agus go nithiúil cárb as don mhaoiniú agus céard a dhéantar leis.

([1]) *Journal du Net*, 02/11/2021.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – , *Better regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil níos fearr: oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh][COM(2021) 219 final] (níl leagan Gaeilge ann).

3.3. *Maoin intleachtúil*

3.3.1. Ní mór a bheith cúramach leis an téarma maoin intleachtúil (IP) – tuigtear i bhfad an iomarca leis. Sa chiall is leithne, ciallaíonn sé aon eolas ar le duine é. Sampla amháin is ea paitinní. Aithnítear le paitinní gur le duine éigin an t-eolas agus tugtar inti téarmaí cosanta an eolais sin.

3.3.2. Sa tionscal leathsheoltóirí áfach, is é a thuigtear go forleathan leis an téarma aonad um dhearadh nó um fhíorúchán atá réamhphacáilte agus ar fáil lena cheadúnú. Is mar a chéile Maoin Intleachtúil Leathsheoltóirí (SIP) agus Maoin Intleachtúil Dearaidh (DIP) a bheag nó a mhór agus is minic gur IP, bloic IP nó croíleacáin IP a thugtar orthu. Is cuid den dearadh é, amhail próiseálaí, a bhfuil réamh-fhíorú déanta air agus a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i ndearadh le duine éigin eile.

3.3.3. Go praiticiúil, is minic gur mó an iarracht dhlíthiúil agus bhainistíochta a theastaíonn sa chaibidlíocht maidir le ceadúnais ná na sochair a bhaineann le dearthaí IP a cheadúnú. Ar an ábhar sin, is minic a bhaineann gnólachtaí leathsheoltóirí leas as a maoin intleachtúil i bhfoirm paitinní. Féadfar punanna móra paitinní a úsáid chun teorainn a chur leis an iomaíocht agus chun a staid iomaíoch a fheabhsú, araon, tríd an gcros-cheadúnú.

3.3.4. Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra tagraítear do "pobail úsáideoirí (…) soláthróirí maoine intleachtúla (IP)". Luaitear úsáideoirí IP ach níl aon rud ann maidir le cearta maoine intleachtúla an tsealbhóra cirt. Ansin, deirtear an méid seo a leanas: "Éascóidh lárionaid inniúlachta rochtain oscailte, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ar an mbonneagar dearthóireachta agus ar na línte píolótacha agus úsáid éifeachtach na mbonneagar agus na línte sin".

3.3.5. Ar an ábhar sin is é an cheist atá ag CESE an é go dtagraíonn an "rochtain neamh-idirdhealaitheach" do chur chuige FRAND PCB maidir le ceadúnú. Más mar sin atá ba cheart a ráthú leis an togra cur chuige cothromaithe agus pragmatach i leith ceadúnú FRAND, cur chuige a dhíríonn ar thrédhearcacht bhreise agus ar chomhréiteach a aimsiú a thabharfaidh cúiteamh iomchuí do nuálaithe an Aontais agus a bheidh ag freastal ag an am céanna ar riachtanais lucht cur chun feidhme/úsáideoirí agus a fhágfar gur féidir nuálaíocht a spreagadh.

3.3.6. Agus ar deireadh, tá CESE den tuairim go bhfuil maoin intleachtúil ina príomhghné chomh mór sin chun spriocanna an togra a bhaint amach go mba cheart í a bheith luaite go soiléir i bhforálacha an togra, agus ní sa mheabhrán míniúcháin amháin, meabhrán míniúcháin nach bhfuil aon éifeachtaí dlíthiúla ag baint leis

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG